AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Imlitir 0065/2015

Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

Meicníocht Íocaíochta Leasaithe do Chúntóirí Riachtanas Speisialta Ócáideacha (Cúntóirí Riachtanas Speisialta Ionaid) le feidhm ó Thús na Scoilbhliana 2015/16 - Deireadh le "Pá Saoire Rollta-Suas"

Aidhm na hImlitreach:

1. Is í aidhm na hImlitreach seo Cúntóirí Riachtanas Speisialta, údaráis bhainistíochta scoile agus Boird Oideachais agus Oiliúna a chur ar an eolas faoi na hathruithe ar na socruithe pá do Chúntóirí Riachtanas Speisialta ócáideacha le feidhm ó thús na scoilbhliana 2015/16. Tá an ráta ócáideach iníoctha le Cúntóirí Riachtanas Speisialta atá ag obair i gcáil ionaid.

2. Go dtí seo, bhí gné i dtaca le saoire bhliantúil curtha san áireamh sna rátaí pá a íocadh le Cúntóirí Riachtanas Speisialta ócáideacha in aghaidh na huaire. Tugtar "pá saoire rollta-suas" ar an gcleachtas seo. Is í feidhm na hImlitreach seo deireadh a chur leis an gcleachtas trína íoctar "pá saoire rollta-suas" le Cúntóirí Riachtanas Speisialta ócáideacha agus íocaíocht ar leith a thabhairt isteach i dtaca le pá saoire. Tá an t-athrú seo á dhéanamh chun modh íocaíochtaí Cúntóirí Riachtanas Speisialta dá leithéid a chur i gcomhréir le Treoir um Am Oibre an Aontais Eorpaigh, mar thoradh ar chinneadh ón gCoimisiún Eorpach.

3. Tá sé tábhachtach a nótáil nach bhfuil athrú á dhéanamh ar phá iomlán na gCúntóirí Riachtanas Speisialta sin mar thoradh ar an Imlitir seo. Beidh an pá do Chúntóir Riachtanas Speisialta ócáideach faoi na socruithe nua a leagtar amach san Imlitir seo maidir le tréimhse fostaíochta ar bith cothrom leis an bpá a gheobhadh Cúntóir Riachtanas Speisialta as an dtréimhse chéanna fostaíochta faoin na socruithe a bhí ann cheana.

4. Le feidhm ó thús na scoilbhliana 2015/16, gabhann téarmaí na hImlitreach seo san ionad ar na rátaí uaire iníoctha le Cúntóirí Riachtanas Speisialta a leagadh amach in Imlitreacha roimhe seo.

Achoimre ar Athruithe ar Rátaí Ócáideacha Iníoctha le Cúntóirí Riachtanas Speisialta

5. Déantar achoimre ar na hathruithe mar seo a leanas:

   (i) Ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile, le feidhm ó thús na scoilbhliana 2015/16, bainfear 8% de na rátaí ócáideacha uaire reatha. Is ionann é seo agus teidlíocht saoire bliantúla reachtúla na gCúntóirí Riachtanas Speisialta, 4 sheachtaine in aghaidh na bliana. Carnóidh an Cúntóir Riachtanas Speisialta saoire bhliantúil reachtúil de luach 8% den am a oibrítear.

   (ii) Tá foráil san Acht um Eagrú Ama Oibre go gcinnfidh an fostóir na hamanna ag a dtugtar saoire bhliantúil d'fhostaí. Mar sin, glacfaidh Cúntóirí Riachtanas Speisialta a dteidlíocht

charntha um shaoire bhliantúil reachtúil, agus íocfar aisti iad, le linn na dtréimhsí dúnta scoile um Nollaig, um Cháisc agus sa samhradh mar seo a leanas:

- Le linn na tréimhse dúnta scoile um Nollaig, glacfaidh Cúntóirí Riachtanas Speisialta an tsaoire bhliantúil reachtúil atá carntha acu ó thús na scoilbhliana agus íocfar iad as an tsaoire sin;

- Le linn na tréimhse dúnta scoile um Cháisc, glacfaidh Cúntóirí Riachtanas Speisialta an tsaoire bhliantúil reachtúil atá carntha acu ó chríoch na tréimhse dúnta scoile um Nollaig agus íocfar iad as an tsaoire sin;

- Le linn na tréimhse dúnta scoile sa samhradh, glacfaidh Cúntóirí Riachtanas Speisialta an tsaoire bhliantúil reachtúil atá carntha acu ó chríoch na tréimhse dúnta scoile um Cháisc agus íocfar iad as an tsaoire sin.

(iii) Áiríonn an bonnráta uaire íocaíocht as am oibre uile do Chúntóir Riachtanas Speisialta (lena n-áirítear na 72 uair a' chloig a luaitear in Imlitir 71/2011 ó ROS) seachas saoire bhliantúil reachtúil an Chúntóra Riachtanas Speisialta.

(iv) Cuirfear na socruithe leasaithe seo i bhfeidhm le feidhm ó thús na scoilbhliana 2015/16.

6. Leagtar amach in Aguisín 1 na rátaí ócáideacha leasaithe uaire do Chúntóirí Riachtanas Speisialta agus luach na saoire bliantúla reachtúla carntha in aghaidh na huaire/an lae a oibrítear le bheith i feidhm ó thús na scoilbhliana 2015/16.

7. Leagtar amach in Aguisín 2 leibhéal comhaontaithe na saoire bliantúla reachtúla carntha bunaithe ar uaireanta a oibrítear i dtéarma ag Cúntóir Riachtanas Speisialta. Déanfaidh Cúntóir Riachtanas Speisialta saoire bhliantúil reachtúil a charnadh de réir Aguisín 2 agus glacfaidh sé/sí an tsaoire sin agus íocfar é/í as an tsaoire sin mar atá leagtha amach in Alt 5 (ii) thuas.

Scaipeadh agus Fiosruithe

8. Déan cinnte, le do thoil, go dtabharfar cóipeanna den Imlitir seo chuig comhaltaí uile an Bhoird Bhainistíochta / an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus go dtarraingeofar aird na gCúntóirí Riachtanas Speisialta lena mbaineann i d'fhostaíocht, lena n-áirítear iad seo atá ar shaoire neamhláithreacht, ar a bhfuil san Imlitir.

9 Féadfar teacht ar an Imlitir seo ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi http://www.education.ie .

10. Féadfar fiosruithe i dtaca leis an Imlitir seo a sheoladh le r-phost chuig Párolla d'Fhoireann Neamh-Theagaisc ag an seoladh seo a leanas:

- NTSPayroll@education.gov.ie

Ba chóir do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe ag Boird Oideachais agus Oiliúna fiosruithe a sheoladh chuig an BOO a fhostaíonn iad ar an gcéad dul síos.

Padraig Maloney
Rannóg Párolla
1 Nollaig 2015

Aguisín 1

RÁTAÍ PÁ IN AGHAIDH NA hUAIRE DO CHÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA ÓCÁIDEACHA:

Stádas an Chúntóra Riachtanas Speisialta Ionaid	Ráta faoi Láthair	Ráta Nua Leanúnach ó 2015/16	Luach na Saoire Bliantúla Reachtúla a Charntar in aghaidh na hUaire a Oibrítear ó 2015/16
Cúntóirí Riachtanas Speisialta a ceapadh an 31 Nollaig 2010 nó roimhe	13.80	12.70	1.10
Cúntóirí Riachtanas Speisialta a ceapadh an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh	12.71	11.69	1.02

Aguisín 2

LEIBHÉAL NA SAOIRE BLIANTÚLA REACHTÚLA A CHARNANN CÚNTÓIR RIACHTANAS SPEISIALTA IN AGHAIDH AN TÉARMA

Uaireanta a oibrítear sa Téarma	Líon na Laethanta de Shaoire Bhliantúil Reachtúil a Charntar
0 go 58	8% den am a oibrítear
59 go 115	1
116 go 172	2
173 go 230	3
231 go 288	4
289 go 345	5
346 go 403	6
404 go 460	7
461 go 518	8
519 go 576	9
577 go 633	10
634 go 691	11
692 go 748	12